

❖ An Lúbín ❖

29 Bealtaine 2009

Buairt an Chonartha

The Gaelic League, traditional defender of the language, maintains its rage.

Tá tuairisc Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Pádraig Mac Fhearghusa, le fáil in eagrán Meithimh na hirise *Feasta*, agus is léir uaithi sin agus ó ábhar eile gur beag athrú a tháinig ar na rudaí atá ag dó na geirbe ag an gConradh le breis is céad bliain anuas.¹ Tá aird ag an Uachtarán ar staid na teanga sna scoileanna, agus cuireann sé an cheist seo: ‘An nglacfadh aon stát neamhspleách eile leis go mbeadh go bhféadfadh leanaí scoile 1,500 uair a’ chloig de mhúinteoireacht a fháil thar 13 bliain, agus fós go mbeidís gan chumas gnáthchomhrá simplí a dhéanamh sa teanga náisiúnta shinseartha?’ Deir sé go bhfuil eisceachtaí ann gan dabht de thoradh na dea-mhúinteoireachta, ach gur ar éigean a bheadh níos mó ná trian de scoileanna na tíre i measc na n-eisceachtaí sin.

I measc na rún a bhí le plé bhí an ceann seo: ‘Gurb é meath leanúnach na bhFíor-Ghaeltachtaí an comhartha is soiléire agus is láidre nach bhfuil an Rialtas ag dul i ngleic leis an dara haidhm náisiúnta a bhaint amach’. Is léir nach bhfuil deireadh dúile bainte den dea-scéal ag daoine éigin, cé gur fiú dóibh athshúil a thabhairt ar *The Irish Language and Irish People*, tuarascáil leis an Dr Mícheál Mac Gréil a tháinig amach le déanaí. Deir mo dhuine gur mó an t-éileamh atá ar an teanga san oirthear ná san iarthar, agus an oiread sin daoine oilte ag fágáil an iarthair agus a n-aghaidh ar Bhaile Átha Cliath.

Glacann Mac Gréil leis (bíodh an ceart aige nó ná bíodh) go bhfuil bunchumas réasúnta ag formhór na nÉireannach sa teanga. Ba mhaith leis an cumas sin a dhéanamh fóna – pacáistiú dátheangach ar earraí, clubanna Gaeilge sna meánscoileanna, agus an teanga a úsáid níos mó sa bhaile. Tá 40,000 dalta sna gaelscoileanna, a deir sé, ach sna meánscoileanna lán-Bhéarla níl an Ghaeilge á múineadh fós mar theanga bheo.

Faightear léargas níos leithne ar fhónamh na teanga san Aontas Eorpach, agus tá an Conradh míshásta arís. Tá an Ghaeilge ina teanga oifigiúil san AE ón mbliain 2005 i leith, ach deir an Conradh go bhfuil mí-úsáid á baint as na rialacháin. Cé nach mbíonn ar an AE leagan Gaeilge de gach dlí a sholáthar, caithfear leagan Gaeilge a dhéanamh de rialacháin a dhéanann Comhairle na nAirí agus Parlaimint na hEorpa in éineacht. Deir an Conradh go bhfuil míbhrí a bhaint as sin agus leagan Gaeilge de cháipéisí agus de sheirbhísí á cheilt ar Ghaeilgeoirí dá bharr.

Deir na húdaráis nach bhfuil na haistritheoirí, na hateangairí agus na dlítheangeolaithe ann chun Gaeilge a chur ar na cáipéisí go léir. Ach níl an tAE ag baint tairbhe as na daoine atá cáilithe chuige cheana. Níor fhostaigh siad ach leath na ndaoine ar éirigh leo i gcomórtas de chuid an AE do phoist aistriúcháin. (An léifeadh daoine na leaganacha Gaeilge? B’fhéidir nach mbaineann sin le hábhar.)

Níl focal Gaeilge ar shuíomh Parlaimint na hEorpa (www.europarl.europa.eu) ach oiread, agus seo, dar leis an gConradh, sárú ar dhlí an AE. Is cinnte gur cuma leis an AE; níl sa Ghaeilge ach ceann de mhórán mionteangacha atá beo ar scáth an Aontais – rud a fhágann gur gá brú a chur ar an rialtas chun a ceart a thabhairt don teanga. Agus le maith nó le holc, is dóigh leis an gConradh go bhfuil sé in ann ag an obair.



¹ *Feasta*, Meitheamh 2009, Imleabhar 62, Uimhir 5: www.feasta.ie.

Focla oifigiúla

The translation of certain documents is an Irish constitutional obligation. Only now is the State catching up.

Dúirt an Chúirt Uachtarach i mbliana gur theip ar an stát cloí leis an dualgas a bhí air gach dlí a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge. Tá aonad aistriúcháin ann cheana, agus tá ceann nua, an Rannán Seirbhisí Aistriúcháin, le cur ar bun. Cuirfidh sé siúd Gaeilge ar reachtaíocht thánaisteach dála ionstraimí reachtúla (rialacháin údaraithe), agus leanfaidh Rannóg an Aistriúcháin air ag cur Gaeilge ar an mbunreachtaíocht. Cosnaíonn gach leathanach €50 ar a laghad, agus dá ndéanfaí an obair ar conradh ar fad chosnódh é idir €3 milliún agus €5 milliún.

Beidh an t-aonad nua ag brath ar fhoinsiú allamuigh agus ar earcú foirne chun an obair a dhéanamh, agus tá riaráiste suntasach le glanadh, in éineacht le comhairle a thabhairt do ranna eile agus do lucht déanta rialachán. Deirtear go bhfuil an t-airgead ann chuige d'ainneoin drochscéalta airgeadais. Bunaíodh é de bharr cúise a thug an t-arnae Pól Ó Murchú os comhair na cúirte; socraíodh gurbh éigean ionstraimí reachtúla a fhoilsiú i mBéarla agus i nGaeilge. Cé gur chuir an rialtas i gcoinne an chinnidh, dúirt sé go gcuirfeadh sé na leaganacha Gaeilge á bhfoilsiú ar phrionsabal.

Cosnaíonn an Rannóg féin €1 milliún in aghaidh na bliana agus tá seacht n-aistritheoir déag ar fostú aici. Cuireann siad Gaeilge ar pháipéir ordaithe agus ar rúin imeachtaí le haghaidh an Oireachtais agus déanann ateangaireacht chomhuaineach don Oireachtas agus do choiste amháin.

Murab ionann is an Ghaeilge chiotach atá le fáil i dtuarascálacha stáit agus leathstáit, tá cruinneas ag baint le friotal an dlí – más duine thú den chorrchineál a bhaineann aoibhneas as a leithéid. A leithéid seo (as an *Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979, Mír 8(1)*): ‘Déanfaidh an tÚdarás caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht a spreagadh agus cinnteoidh sé gurb í an Ghaeilge a úsáidfear a mhéid is féidir nuair a bheidh a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige agus thar a cheann’. Mura binn leat é ní mór a admháil go bhfuil slacht air.

Mar áis bhreise, soláthraíonn Achtanna áirithe liosta de théarmaí a bheadh an-sásta, gan dabht, ag aturnaethe na hÉireanna dá mbeadh breis Gaeilge acu trí chéile: *Corrective affidavit*, mionnscribhinn cheartúcháin; *Particular general average*, caillroinnt ilpháirteach thóiranta; *Fair rent order*, ordú cóirchíosa; *Drunk and incapable*, ar meisce agus ar neamhchumas. Agus mar sin de.



Cumarsáid

Irish and the media.

Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an éileamh atá ar phoist sna meáin chumarsáide Ghaeilge. Comhartha é ar threo na teanga, agus í á samhlú anois leis an ngairmiúlachas, leis an ardteicneolaíocht agus leis an meánaicmeachas. Tá poist le fáil sa teilifís, sa raidió, mar iriseoir nuachtáin, agus i ngnólachtaí cumarsáide dála Nemeton i nGaeltacht Phort Láirge.

Tá cúrsaí tríú leibhéal ann ina lán áiteanna – sa Cheathrú Rua, in Acadamh na hOllscolaíochta i nGaillimh, agus in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge (<http://www2.wit.ie/>). Ní féidir a chinntiú go mbeidh post romhat faoi láthair – tá idir TG4 agus Raidió na Gaeltachta ag coigilt na bpinginí – ach tiocfaidh an saol ar ais ar a sheanléim. Tá an chumarsáid dhigiteach ag fás agus deis oibre ann dá bharr.

Tá le tuiscint as seo (mar a deirtear go minic anois) nach bhfuil sláinte na teanga ag brath a thuilleadh ar shláinte na Gaeltachta. Ní hé sin le rá gur sna cathracha amháin a bheidh sí beo feasta, ach tá athrú ag teacht ar struchtúr aicmeach agus ar aigne féin na teanga, rud a bhfuil baint aige le borradh agus bláthú na gaelscolaíochta agus le huirbiú ginearálta na tíre.



BLAG ar fiú súil a chaitheamh air: www.igaelige.wordpress.com. Concubhar Ó Liatháin, iriseoir seanchleachta barúlach, a chuireann i láthair é.



Scoil Ghàidhlig Ghlaschú

Glasgow is to the fore in primary and secondary education through Gaelic.

Tá an Ghàidhlig ag filleadh ar Ghlaschú trí dhoirse Scoil Ghàidhlig Ghlaschú: scoil chuimsitheach atá ag freastal ar dhaltáí idir 3 bliana agus 18 bliana d’aois, agus aird á tabhairt ar gach gné den chultúr – an phiobaireacht, na hamhráin agus an rince. Tá os cionn 300 dalta ann agus os cionn 250 acu sa bhunscoil – figiúirí nach ábhar suntais iad, b’fhéidir, mura mbeadh an clárú ag méadú i gcónaí, fiú agus é ag laghdú sna scoileanna Béarla.

Nuair a thosaigh oideachas lán-Ghàidhlig i nGlaschú sa bhliain 1986 bhí baint ag leath na ndaltaí leis na Garbhchríocha agus le hInse Gall. Anois tagann 80% de na daltaí ó theaghlaigh Bhéarla, agus labhraíonn daltaí éigin teanga eile ar fad. Tá trí naíolann Ghaeilge i nGlaschú agus rath orthu uile, agus is iomaí tuismitheoir a thugann iarracht ar an teanga a úsáid sa bhaile anois agus an chlann á húsáid ar scoil.

I nGlaschú is mó atá an teanga ag teacht chun cinn: tá bá ag na húdaráis áitiúla léi, agus tá stair ag an teanga ann. De réir dhaonáireamh na bliana 1901, bhí Gàidhlig ag 18,536 duine (duine as daichead), cé gur dócha gurbh airde fós an fhíorúimhir. De réir dhaonáireamh na bliana 2001 bhí 10,034 in ann Gaeilge a úsáid (os cionn 10% de lucht Gàidhlig na tíre) agus baint acu le gach glúin. In áiteanna eile is iad na daoine meánaosta is mó a labhraíonn í. Is beag an dream iad lucht Gàidhlig Ghlaschú, ach tá borradh fúthu. In Inse Gall atá an chuid is mó de na cainteoirí – 18,420 – ach tá a líon ag dul i laghad. Múintear 3,086 dalta trí Ghàidhlig in Albain agus fhoghlaimíonn os cionn 3,000 eile an teanga mar ábhar. Cuidíonn scoil Ghlaschú le tuismitheoirí agus iad ag foghlaim na teanga.

Níl aon amhras ná go bhfuil glaoch ar oideachas den saghas seo. Thug Acht na Gàidhlig stádas oifigiúil don teanga sa bhliain 2005, agus anois tá gnáthrud á dhéanamh den Ghàidhlig tríd an Scoil agus trí fhorais eile. Cuid d’uirbiú na teanga is ea an obair seo agus gá léi.

Féach:

<http://www.glasgow.gov.uk/en/Residents/GoingtoSchool/GaelicEducation/gaelicversion.htm>

<http://www.savegaelic.org/>



Ceiltis agus Béarla

Has English been influenced by Celtic in its historical development? Professor Anders Ahlqvist of Sydney University recently spoke on the topic in Melbourne.

‘Celtic and English’ ba theideal don chaint a thug an tOllamh Anders Ahlqvist (*Sir Warwick Fairfax Professor of Celtic Studies, Sydney*) ag seimineár ar 19/5/09 i gColáiste Newman, Ollscoil Mhelbourne. (Ní ga a rá go bhfuil Gaeilge ar a thoil ag an Ollamh, rud a chruthaigh sé go binn roimh an seimineár agus é ag comhrá leis na Gaeilgeoirí a bhí ann – agus sin gan trácht ar a bhfuil de theangacha eile aige.)

Deirtí gur daoirse, bás nó ruaigeadh ba chinniúint don phobal Briotanach agus cainteoirí Béarla ag teacht i dtír. Áitíonn a lán scoláirí anois gur fhan mórán Briotanach mar a raibh acu agus gur fhág siad a mblas féin ar an teanga nua. Ní le focail nua a bheadh súil agat sa chás sin ach le hathrú ar dhul na teanga. Tá a lán tréithe de chuid an Bhéarla is deacair a mhíniú ar aon slí eile, agus rinne an tOllamh Ahlqvist an scéal a scrúdú dá réir.

míchothroma agus gurbh éigean iad a cheartú. Tháinig achrann de seo, agus sna seachtóidí chuaigh míleataigh Tamalacha i mbun gnímh. Bhí fearg an dá thaobh ag treisiú, agus sa bhliain 1983, tar éis go ndearnadh luíochán roimh shaighdiúirí sa tuaisceart, bhí círeíbí ar fud na tíre i gcoinne na dTamalach. Maraíodh daoine agus ruaigeadh na mílte.

Faoin mbliain 1970 is beag Tamalach a bhí ag obair sa státseirbhís. Bhí leaganacha difriúla den náisiúnachas ag an eite chlé, ag an eite dheas, ag Sionólaigh agus ag Tamalaigh, agus na difríochtaí ag géarú i gcónaí. Bhí leatrom á dhéanamh ar na Tamalaigh agus thaobhaigh cuid acu leis an LTTE,² baicle a bunaíodh sa bhliain 1976 agus a chuaigh i ndeabhaidh lainne leis an rialtas. Chuir seo an lasóg sa bharrach: thosaigh cogadh fada, go háirithe in oirthuaisceart na tíre, réigiún a raibh dúil ag na míleataigh ann mar stát neamhspleách Tamalach.

Velapillai Prabhakaran a bhí mar cheannaire ar an míliste Tamalach ba láidre, agus bhí sé gan trócaire. D'fhógair sé gurbh é a bhí uaidh daonlathas den chineál Eilbhéiseach, ach is dócha gur stát aonpháirtí a bhí uaidh. Bhí dímheas aige ar ghrúpaí Tamalacha eile, agus mharaigh sé a gcuid ceannairí. Mharaigh sé iriseoirí freisin, agus choinscríobh páistí. Agus é i dteann a réime bhí sé i gceannas ar mhionstát a raibh arm, cabhlach, aerfhórsa, córas cánach agus córas dlí dá chuid féin aige. Bhailítí airgead i measc Tamalach thar lear, airgead a thugtaí de dheoin nó d'ainneoin.

Bhain an rialtas feidhm as dúnmharú, as céasadh agus as fuadach; deirtear go raibh airm cheimiceacha agus cnuasbhuaimaí á n-úsáid acu níos déanaí. Ba bheag an mhoill ar na Tíogair féin úsáid a bhaint as an uafás – buamáil fhéinmharaithe, fuadach agus imeaglú. Maraíodh 70,000 duine ar a laghad, agus ba iad na bochtáin ba mhó a bhí thíos leis. Ach dúnmharaíodh polaiteoirí freisin – Sionólaigh agus Tamalaigh, lucht comhraic agus measartaigh. Pléascadh buamaí ag stáisiúin agus ar bhusanna agus sa Bhanc Lárnach, maraíodh uachtarán agus gortaíodh uachtarán eile; rinne fórsaí an rialtais tuairgneáil le heitleáin agus le gunnaí móra, agus gan aird acu ar shibhialtaigh.

D'fhág an méid seo na measartaigh i mbearta crua; dá ndéanfaidís agóid i gcoinne dhrochiompar an rialtais b'fhurasta a chur ina leith go raibh siad mór le sceimhlitheoirí.

De réir a chéile tuigeadh don dá thaobh gur beag dul chun cinn a bhí á dhéanamh i ngnóthaí míleata, agus rinneadh sos comhraic sa bhliain 2002. Ach bhí na bunfhadhbanna gan fuascailt fós. Sa bhliain 2003 mhol na Tíogair go mbeadh Údarás Sealadach Féinrialaithe ann agus deis chomhréitigh dá bharr. Ní raibh toradh ná rath air seo, agus anuraidh bheartaigh an rialtas ar an dúbhuille a bhualadh. Bhí na Tíogair níos laige anois, agus d'éirigh leis an arm an chuid is mó dá bhfearannas a bhaint díobh. Bhí eitleáin agus radar faighte ag an rialtas ón tSín, agus baineadh feidhm as ladraínn eitilte chun an namhaid a aimsiú. Baineadh tairbh as taicicí treallchogaíochta, agus gasraí de shaighdiúirí ag siúl na dufaire fad is a bhí an namhaid ag troid ar an ngnáthshlí. Mar sin féin, maraíodh nó gortaíodh na mílte saighdiúir agus sibhialtach.

Tá síocháin ann anois ach ní ionann sin agus réiteach: tá antoiscigh i measc na Sionólach ar mhaith leo léirscrios ceart a dhéanamh, ach tá mórán eile ann ar thug deireadh an chogaidh faoiseamh intinne dóibh. Deirtear go bhféadfadh na hIndiaigh comhréiteach a chur chun cinn; chuir siad cúpla ladar sa mhias cheana, iad ag armáil na dTíogar agus ansin á n-ionsaí, agus tá Tamalaigh na hIndia corraithe faoi chinniúint a ngaolta i Srí Lanca.

Is iomaí Tamalach fós nach dtaobhaíonn leis na Tíogair ach a aithníonn an leatrom atá á dhéanamh ag rialtas Shrí Lanca. Tá faill ag an rialtas anois le cothrom a dhéanamh, ach ní raibh an fonn sin orthu nuair a thosaigh an comhrac agus is lú fós an fonn a bheadh orthu anois chuige. Maidir leis na Tamalaigh, tá a fhios acu anois gur féidir suaitheadh a bhaint as an stát, agus antoiscigh ina measc go fóill a bheadh sásta sléacht a dhéanamh.

Ramasinghe Premadasa a bhí mar Uachtarán ar an tír i rith an chéad chuid den chogadh, agus níor loic sé ón lámh láidir – eisean a chuir scuaid bháis ó dheas chun ceannaircigh Mhaocha a scrios, agus

² *Liberation Tigers of Tamil Eelam*, nó na Tíogair. Iad roinnte riamh ina bhfaicsin, a bheag nó a mhór.

maraíodh mórán sibhialtaigh dá bharr. Dhúnmharaigh Prabakharan é sa bhliain 1990. Bhuaigh Mahinda Rajapakse na toghcháin uachtaránachta sa bhliain 2005, rud a tharla, mórán, toisc gur dhiúltaigh Prabakharan ligean do Thamalaigh an oirthuaiscirt vótáil. Chuaigh Rajapakse i bpáirt le náisiúnaithe crua, agus tugadh 'sceimhlitheoirí' ar lucht a gcáinte. Dúnmharaíodh ceithre iriseoir déag ón mbliain 2006 i leith agus cuireadh roinnt eile i bpríosún, rud a chuidigh leis na meáin a choinneáil ina dtost. I mbliana dúnmharaíodh Lasantha Wickrematunge, eagarthóir an *Sunday Leader* agus buaiteoir Dhuais UNESCO na Saoriseoireachta Domhanda.

Áitíodh ar thánaiste an LTTE, an Coirnéal Koruna, an grúpa a thréigean sa bhliain 2004, rud ba chionsiocair leis na Tiogair a ruaigeadh as an oirthear sa bhliain 2007. Anois tá rialtas Tamalach sa réigiún sin agus an rialtas ag caitheamh airgead mór ann, más fíor. Tá cearta na dTamalach daingnithe sa bhunreacht, ach níor cuireadh i bhfeidhm riamh iad, agus b'fhiú athruithe éigin a dhéanamh: coiste iltaobhach a bhunú chun ardfheidhmeannach a cheapadh (seachas é a fhágáil ag an Uachtarán) agus méid éigin féinrialaithe a bhronnadh ar na cúigí. Deir an tUachtarán Rajapakse féin gur cóir breis cumhachta a thabhairt do na Tamalaigh. Tá súil ag an arm go leanfaidh fuíoll an LTTE orthu ag pléascadh buamaí agus go dtógfaidh sé cúpla bliain chun deireadh a chur leis sin. D'fhéadfá baothdhóchas a thabhairt air sin, go háirithe má theipeann ar an rialtas cothrom na Féinne a dhéanamh, agus ní mór a chuimhneamh cé chomh tréan is atá na náisiúnaithe dúra fós.

Féach:

<http://www.newstatesman.com/print/200905140009##>

<http://www.guardian.co.uk/profile/cynthia-shanmugalingam>

<http://www.tamilforum.com/>

<http://portal.unesco.org/>

'A long, slow descent into hell,' Romesh Gunsekera, *The Guardian*, 30/4/09.

'Colombo rewrites counter-insurgency rule-book,' Jeremy Page, *The Age*, 20/5/09.

'End of Tigers' tale,' Amanda Hodge, *The Australian*, 20/5/09.

'In the eyes of the Tiger,' Russell Skelton, *The Age*, 23/5/09.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

